# Achoimre na Saoránach

# Togra ón AE – Fóram Eorpach maidir le hobair neamhdhearbhaithe

## CAD Í AN FHADHB?

- Is é atá i gceist le hobair neamhdhearbhaithe obair ar íocaíocht atá dleathach ach nach dtugtar dearbhú do na húdaráis phoiblí ina leith.
- Is iomaí tionchar diúltach ag obair neamhdhearbhaithe ar rialtais, ar oibrithe agus ar ghnólachtaí:
  - easnaimh mhóra i bhfáltais cánach na rialtas agus i bhfáltais don tslándáil shóisialta
  - i gcás na n-oibrithe neamhdhearbhaithe iad féin:
    - drochdhálaí oibre agus leibhéal íseal forbartha scileanna
    - cearta pinsin níos ísle
    - rochtain níos measa ar chúram sláinte
  - buntáiste éagórach ag cuideachtaí a fhostaíonn oibrithe neamhdhearbhaithe.
- Is ar na húdaráis náisiúnta atá an fhreagracht is mó dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Mar sin féin, is féidir obair a dhéanamh ar leibhéal an AE chun cabhrú leo é sin a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla.
- Rud amháin a chabhródh go praiticiúil is ea fóram a bhunú ar leibhéal an AE do na h**údaráis forfheidhmithe náisiúnta** (cigireachtaí saothair, údaráis slándála sóisialta agus údaráis cánach) chun an fhadhb, agus conas dul i ngleic léi, a phlé.

## CÉN T-ATHRÚ GO DÍREACH A DHÉANFADH SÉ?

Dá ndéanfadh údaráis náisiúnta an cheist a phlé lena gcomhghleacaithe ar fud an AE, chabhródh sé leo:

- tuiscint níos fearr a fháil ar na fadhbanna le **bearta agus beartais** níos fearr a leagan amach chun dul i ngleic leo
- **comhoibriú** níos éifeachtaí lena chéile agus uirlisí nua a fhorbairt chun gnéithe trasnáisiúnta den obair neamhdhearbhaithe a bhrath.

## CÉ A BHAINFEADH LEAS AS AGUS CONAS?

Bheadh cumas níos fearr ag na húdaráis forfheidhmithe náisiúnta obair neamhdhearbhaithe a chosc agus tabhairt ar dhaoine gan a bheith ag gabháil di, agus i ndeireadh na dála bheadh sin chun leasa:

- **oibrithe** – dálaí oibre níos fearr agus forfheidhmiú níos fearr ar a gcearta, ina dtír féin agus i dtíortha eile san Eoraip araon.
- **cuideachtaí** – laghdú ar an iomaíocht éagothrom ó ghnólachtaí nach ndéanann a gcuid oibrithe a dhearbhú.
- **an phobail i gcoitinne** – bheadh rialtais in ann seirbhísí níos fearr a sholáthar do na saoránaigh ar fad i ngeall ar an méadú ar fháltais cánach agus slándála sóisialta.

## CÉN FÁTH A BHFUIL AR AN AE BEART A DHÉANAMH?

- Ós rud é gur fadhb í an obair neamhdhearbhaithe i ngach tír san Eoraip, ba cheart go mbeadh leas ann dóibh má oibríonn siad le chéile ar an ábhar seo.

- Is ardán maith é an AE chuige seo, mar tá na hacmhainní aige chun cabhrú leis na húdaráis náisiúnta dea-chleachtais a chomhroinnt agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí le hobair neamhdhearbhaithe a chosc agus le tabhairt ar dhaoine gan a bheith ag gabháil d'obair den sórt sin.

## CÉN UAIR IS DÓCHA A THIOCFAIDH AN TOGRA I BHFEIDHM?

- Níos faide amach sa bhliain 2014.